Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Márta 2025**
**(OR. en)**

**6878/25**

**JAI 290**
**FREMP 55**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh: cistiú chun cearta bunúsacha a chur chun cinn, a chosaint agus a fhorfheidhmiú<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 7 Márta 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh: cistiú chun cearta bunúsacha a chur chun cinn, a chosaint agus a fhorfheidhmiú, a d'fhormheas an Chomhairle ag an 4082ú cruinniú a bhí aici an 7 Márta 2025.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**Conclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh:**

**cistiú chun cearta bunúsacha a chur chun cinn, a chosaint agus a fhorfheidhmiú**

<u>**Brollach**</u>

**Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:**

a. **Á mheabhrú di** Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (dá ngairtear CAE anseo feasta) ar dá réir atá an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar an meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, ar comhluachanna ag na Ballstáit na luachanna sin i sochaí ina bhfuil an t-iolrachas, an neamhidirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir;

b. **Á mheabhrú di** luachanna doroinnte uilechoiteanna dhínit an duine, na saoirse, an chomhionannais agus na dlúthpháirtíochta a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear ‘an Chairt’ anseo feasta), a fógraíodh go sollúnta 25 bliana ó shin i mí na Nollag 2000, agus oibleagáid na mBallstát na cearta agus na saoirsí a chumhdaítear inti a ráthú agus dlí an Aontais á chur chun feidhme, i gcomhréir le hAirteagal 51 den Chairt;

c. **Á mheabhrú di** Airteagal 6, mír 1 CAE, lena n-aithníonn an tAontas na cearta, na saoirsí agus na prionsabail atá leagtha amach sa Chairt a bhfuil an stádas dlí céanna leis na Conarthaí aici;

d. **Á mheabhrú di** Airteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear ‘CFAE’ anseo feasta), ar dá réir atá sé d’aidhm ag an Aontas neamhionannais idir fir agus mná a dhíchur agus comhionannas eatarthu a chur ar aghaidh ina ghníomhaíochtaí uile, agus Airteagal 10 CFAE, ar dá réir a bheidh sé d’aidhm ag an Aontas gach idirdhealú a chomhrac agus a bheartais agus a ghníomhaíochtaí á sainiú agus á gcur chun feidhme aige;

e. **Agus béim á leagan aici** ar an ngá le cur chun cinn agus cosaint na luachanna agus na gceart a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE agus sa Chairt a neartú, agus a áirithiú go gcuirfear an Chairt i bhfeidhm go cuí, go háirithe i bhfianaise athruithe sa tsochaí, an dul chun cinn shóisialta agus forbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha;

f. **Agus béim á leagan aici** ar an ngá le sásraí cistiúcháin le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin, ós rud é gur de chineál neamhthráchtála go minic iad na gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le cearta bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint, agus gur gealltanas tábhachtach de chuid an Aontais i gcónaí é na sásraí sin a bhunú, a fhorbairt, a choimeád ar bun agus faireachán a dhéanamh orthu;

g. **Agus béim á leagan aici** ar a ríthábhachtaí atá sé maoiniú leordhóthanach agus trédhearcach a áirithiú d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta (dá ngairtear 'ESSanna' anseo feasta) agus do chosantóirí chearta an duine – atá fós ina ngné bhunriachtanach den chóras srianta agus ceartúchán, chomh maith le rannchuidiú le luachanna an Aontais a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear an smacht reachta – chun sochaí a thógáil agus a choimeád ar bun ina bhfuil luachanna an Aontais i réim;

h. **Á mheabhrú di** tiomantas an Aontais tacú leis an daonlathas, leis an smacht reachta agus le cearta bunúsacha ar fud an domhain trí ionstraimí cistiúcháin éagsúla don ghníomhaíocht sheachtrach, lena n-áirítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda (NDICI – an Eoraip Dhomhanda), agus an ról suntasach atá ag cistiú arna eisiúint ag an Aontas Eorpach i réimse chearta an duine á thabhairt dá haire freisin;

i. **Á athdhearbhú di** a thábhachtaí atá sé aontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a bhailchríochnú, i gcomhréir le hAirteagal 6, mír 2 CAE, chun comhleanúnachas agus comhsheasmhacht a fheabhsú maidir le cosaint na gceart bunúsach agus chun cosaint na gceart bunúsach san Eoraip a neartú a thuilleadh;

j. **Agus í ag cur in iúl gur saoth léi** na mórsháruithe leanúnacha agus forleathana ar chearta an duine atá ag tarlú ar fud an domhain, mar shampla iad siúd a tharla tar éis ionradh agus chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin ina dhiaidh sin, ar meabhrú tromchúiseach é cothrom le 3 bliana a bheith caite ó tharla na sáruithe sin, nár cheart talamh slán a dhéanamh de chearta agus saoirsí bunúsacha, agus gur freagracht chomhroinnte de chuid na mBallstát, institiúidí an Aontais agus gníomhaithe idirnáisiúnta eile lena mbaineann é iad a chosaint;

k. **Agus í ag cur in iúl gur díol sásaimh di** Tuarascáil Bhliantúil 2024 an Choimisiúin maidir le Cur i bhFeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh: cistiú chun cearta bunúsacha a chur chun cinn, a chosaint agus a fhorfheidhmiú (dá ngairtear 'Tuarascáil 2024 ar an gCairt' anseo feasta), ina dtugtar forléargas ar na forbairtí i réimse chistiú na gceart bunúsach;

l. **Ós díol sásaimh di** rannchuidiú suntasach Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (dá ngairtear 'FRA' anseo feasta), arb é atá i gceist leo, *inter alia*, saineolas agus staidéir luachmhara a chur ar fáil maidir leis an gCairt, mar shampla an tuarascáil is déanaí maidir le *EU Funds: Ensuring Compliance with Fundamental Rights* [Cistí AE: Comhlíonadh na gCeart Bunúsach a áirithiú]. Ensuring Compliance with Fundamental Rights'. Áirítear ar shamplaí de chúraimí tábhachtacha eile de chuid FRA sa réimse sin feasacht faoin gCairt a chur chun cinn trí uirlisí oiliúna ilteangacha, ar nós Charterpedia agus modúil oiliúna shonracha, agus an CharterXchange bliantúil a chomheagrú, i gcomhar leis an gCoimisiún.

**Cistiú chun cearta bunúsacha a chur chun cinn, a chosaint agus a fhorfheidhmiú**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh athnuachan ar a tiomantas do chur i bhfeidhm leanúnach na Cairte agus, gan teacht roimh an gcaibidlíocht a bheidh ann amach anseo maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile (dá ngairtear 'CAI' anseo feasta), formheasann sí na conclúidí seo a leanas.

**Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:**

1. **Cuireann sí i dtreis** a ríthábhachtaí atá ról na bhfoinsí cistiúcháin éagsúla a rannchuidíonn le cearta bunúsacha a chur chun cinn, a chosaint agus a fhorfheidhmiú agus an ról sin a neartú go frithpháirteach; áirítear leis sin cistí arna soláthar agus arna n-eisíoc ag an Aontas, ag na Ballstáit, ag deontóirí príobháideacha agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta.

2. **Aithníonn sí** an ról lárnach atá ag ESSanna agus cosantóirí chearta an duine i gcur i bhfeidhm bheartais an Aontais maidir le cearta bunúsacha sna Ballstáit, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann leis an gcistiú ón Aontas atá ann cheana dá ngníomhaíochtaí. Ar an gcuma chéanna, aithníonn an Chomhairle an ról tábhachtach atá ag cláir reatha an Aontais lena maoinítear gníomhaíochtaí ábhartha na n-údarás náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil sa réimse sin, chomh maith le cláir lena neartaítear agus lena bhfeabhsaítear córais cheartais agus lena rannchuidítear le hoiliúint a chur ar chleachtóirí ceartais.

3. **Cuireann sí i dtreis** go bhfuil béim neartaithe á leagan ag an gCoimisiún ar luachanna agus cearta bunúsacha an Aontais a chothú, lena n-áirítear, i ndáil le cistiú agus i gcomhthéacs CAI 2021-2027, buiséad an Chláir um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV) a mhéadú go suntasach.

4. **Aithníonn sí**, bunaithe ar an Rialachán Airgeadais, agus cistiú ón Aontas agus buiséad an Aontais á gcur chun feidhme acu, go bhfuil sé de fhreagracht ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún a áirithiú go gcomhlíonfar an Chairt i gcomhréir le hAirteagal 51 de, agus luachanna an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE agus atá ábhartha i gcur chun feidhme an bhuiséid a urramú.

5. **Aithníonn sí** a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndéanfar luachanna an Aontais agus an Chairt a chur i bhfeidhm agus a urramú go héifeachtach sa chleachtas, agus go ndéanfar leasanna airgeadais an Aontais a choimirciú. I ndáil leis an méid sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil nasc soiléir idir an urraim don smacht reachta agus don Chairt ar thaobh amháin, agus cistiú ón Aontas ar an taobh eile.

6. **Cuireann sí i bhfios go láidir** go bhfuil ról ríthábhachtach ag Rialachán na bhForálacha Coiteanna (CPR), lena gceanglaítear le hAirteagal 9 de go n-áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún go n-urramófar cearta bunúsacha agus go gcomhlíonfar an Chairt i gcur chun feidhme na gcistí a chumhdaítear le CPR, go háirithe chun cosc a chur ar aon idirdhealú atá bunaithe ar inscne, ar bhunadh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar ghnéaschlaonadh, agus go gcuirfidh siad inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas chun cinn agus go gcomhtháthóidh siad gné na hinscne in ullmhú, i gcur chun feidhme, i bhfaireachán, i dtuairisciú agus i meastóireacht na gclár. Thairis sin, i gcomhréir leis an gcoinníoll cumasúcháin cothrománach maidir le cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme éifeachtach na Cairte (coinníoll cumasúcháin cothrománach na Cairte) a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán na bhForálacha Coiteanna, ceanglaítear ar na Ballstáit sásraí éifeachtacha a chur ar bun chun comhlíonadh na Cairte a áirithiú ag gach céim den chlársceidealú agus den chur chun feidhme chun go n-aisíocfar an caiteachas arna iompar mar gheall ar na cistí sin.

7. **Aithníonn sí** a thábhachtaí atá cláir chistiúcháin shonracha de chuid an Aontais agus an méid atá bainte amach acu, go háirithe Clár CERV, arb é an ciste is mó de chuid an Aontais é atá tiomnaithe do luachanna bunaidh agus cearta bunúsacha an Aontais a chur chun cinn laistigh den Aontas, lena dtreisítear Aontas an Chomhionannais, an Cheartais, na gCeart agus na Luachanna. Is foinse ríthábhachtach cistiúcháin dhírigh é an clár do raon leathan gníomhaithe, go háirithe ESSanna, lena n-áirítear eagraíochtaí atá gníomhach ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach, áitiúil agus ar leibhéal an phobail.

8. **Molann sí** an réimse leathan réimsí téamacha inar rannchuidigh cistiú ón Aontas leis na cearta bunúsacha a chumhdaítear sa Chairt a chosaint agus a fhorfheidhmiú. Léiríonn na réimsí éagsúla a chumhdaítear an gá leanúnach atá le cearta bunúsacha a phríomhshruthú in earnálacha beartais éagsúla agus tugtar aghaidh go díreach leo ar riachtanais ar leith. Mar shampla, áirítear leis an tacaíocht thiomnaithe ardú leanúnach feasachta agus fothú acmhainneachta maidir le cearta bunúsacha (Clár CERV), oiliúint a chur ar fáil do chleachtóirí ceartais agus rochtain éifeachtach ar cheartas a áirithiú, lena n-áirítear trí mhodhanna digiteacha (an Clár Ceartais), timpeallachtaí slána agus sábháilte ar líne a chruthú agus díriú ar bhréagaisnéis (an Clár don Eoraip Dhigiteach) agus rannchuidiú le saoirse na meán, saoirse ealaíne agus iolrachas (Eoraip na Cruthaitheachta). Tacaítear le cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn freisin tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil.

9. **Aithníonn sí** in ainneoin cistiú suntasach a bheith curtha ar fáil ag an Aontas, ag na Ballstáit agus ag deontóirí eile, go sáraíonn an gá atá le cistiú an cistiú a chuirtear ar fáil.

10. **Cuireann sí i bhfios go láidir** a thábhachtaí atá sé go mbeadh an saineolas is gá ag na húdaráis atá freagrach as na cistí a chlársceidealú agus a chur chun feidhme chun comhlíonadh na Cairte a áirithiú. Tá sé ríthábhachtach freisin go mbeadh tuiscint chuimsitheach ag tairbhithe na gcistí ar na nósanna imeachta agus na ceanglais atá le comhlíonadh.

11. **Aithníonn sí** a thábhachtaí atá cistiú ó na Ballstáit chun oibleagáidí maidir le cearta bunúsacha a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm go praiticiúil, trínar féidir cosaint na gceart bunúsach a áirithiú i ngach réimse beartais, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, in éineacht le cistiú comhlántach ón Aontas. In go leor cásanna, is é buiséad an stáit an phríomhfhoinse maoinithe d’Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine (dá ngairtear ‘INCDanna’ anseo feasta), do chomhlachtaí comhionannais agus d’ombudsmain, nach féidir an iomarca béime a leagan ar an ról ríthábhachtach atá acu i gcur chun cinn agus i gcosaint na gceart bunúsach. Thairis sin, sa bhreis ar chistiú ón Aontas, is minic gurb é an cistiú náisiúnta an phríomhfhoinse maoinithe do ESSanna.

12. **Tacaíonn sí** leis an gCúirt Iniúchóirí, leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise ('OLAF') agus le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') sna róil atá acu laistigh dá sainorduithe faoi seach maidir le hiniúchtaí agus imscrúduithe a dhéanamh ar neamhrialtachtaí nó ar choireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, lena bhféadfaí a áireamh cásanna mí-úsáide cistí atá tiomnaithe do chearta bunúsacha a chur chun cinn, a chosaint agus a fhorfheidhmiú.

**Iarrann Comhairle an Aontais Eorpaigh ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

13. Obair phointí fócasacha náisiúnta na Cairte **a ainmniú agus a éascú**, a bhfuil sé de chúram orthu, de bhun 'Straitéis an Choimisiúin chun cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontas Eorpaigh a neartú', sreabhadh faisnéise agus dea-chleachtais na Cairte a bharrfheabhsú, agus iarrachtaí fothaithe acmhainneachta sna Ballstáit a chomhordú. Tugann an Chomhairle faoi deara go bhfuil a gceapachán agus a ngníomhaíochtaí ríthábhachtach chun an Chairt a chur i bhfeidhm go comhleanúnach. Tugann sí dá haire freisin Pointí Teagmhála Náisiúnta CERV a ceapadh chun faisnéis a scaipeadh agus infheictheacht agus inrochtaineacht Chlár CERV a fheabhsú, agus iarrann sí ar na Ballstáit comhar idir an dá ról sin a éascú.

14. **Faoi chuimsiú na bpróiseas buiséid náisiúnta**, infhaighteacht agus rochtain chomhionann ar chroíchistiú náisiúnta agus ar chistiú tionscadail **a sholáthar** do ESSanna, do chosantóirí chearta an duine agus do ghníomhaithe eile a dhéanann cur i bhfeidhm na gceart bunúsach sna Ballstáit a choimirciú agus a chur chun cinn. Chun éifeachtacht an chistithe sin a fheabhsú, tá sé ríthábhachtach go mbeidh na húdaráis náisiúnta trédhearcach maidir leis an maoiniú atá ar fáil, go ndéanfar na glaonna ar chistiú a phoibliú agus go mbeidh rochtain éasca orthu, agus go ndéanfar an cistiú a leithdháileadh ar bhealach neamhspleách trédhearcach.

15. Cistiú leordhóthanach cobhsaí **a thabhairt** do ghníomhaíochtaí sin na n-údarás rialtasach, réigiúnach agus áitiúil a éascaíonn cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm na Cairte agus a thacaíonn le cearta bunúsacha a chur chun cinn, a chosaint agus a fhorfheidhmiú ar gach leibhéal rialtais.

16. **Cistiú leordhóthanach a thabhairt, i gcomhréir leis an gcreat buiséadach náisiúnta,** d'institiúidí náisiúnta um chearta an duine (NHRInna), do chomhlachtaí comhionannais agus d'ombudsmain, lena léirítear a sainorduithe faoi dhlí an Aontais, chomh maith le scála agus raon na ndúshlán atá ann faoi láthair i réimse chosaint na gceart bunúsach. Trí shaineolas ardleibhéil a thabhairt maidir le cearta bunúsacha, faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Cairte, tacaíocht a áirithiú d'íospartaigh sáruithe ar chearta bunúsacha agus do dhaoine i gcásanna leochaileacha, comhoibriú le hinstitiúidí náisiúnta agus feasacht a mhúscailt ar chearta bunúsacha sa tsochaí, rannchuidíonn NHRInna, comhlachtaí comhionannais agus ombudsmain go leanúnach leis na luachanna coiteanna a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE agus sa Chairt a chaomhnú agus a chosaint.

17. Cistiú cothrom trédhearcach **a thabhairt** i réimse chur chun cinn, chosaint agus fhorfheidhmiú na gceart bunúsach, agus staonadh ó chiorruithe treallacha cistiúcháin a d'fhéadfadh teacht salach ar oibleagáid na mBallstát na luachanna coiteanna a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE agus sa Chairt a urramú.

**Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:**

18. **Is díol sásaimh di** an obair leanúnach atá á déanamh ag an gCoimisiún i gcomhar le FRA chun cur i bhfeidhm na Cairte a neartú tuilleadh. Go háirithe, tá bearta sa teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Strategy to strengthen the application of the Charter of Fundamental Rights in the EU* [Straitéis chun cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a neartú san Aontas] chun tacú le cur i bhfeidhm na gceart bunúsach go dtí 2030. Deimhnítear sa straitéis an ról lárnach atá ag cistiú chun tacú le cur chun feidhme bheartais an Aontais sna Ballstáit, agus iarrtar ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún a áirithiú go gcomhlíonann tionscadail arna gcistiú ag an Aontas an Chairt. Tugann sí dá haire freisin na deacrachtaí a bhíonn ag an tsochaí shibhialta maidir le rochtain a fháil ar chistiú, dúshlán a léirítear freisin i dTuarascáil Bhliantúil 2022 maidir le Cur i bhFeidhm na Cairte dar teideal *A thriving civic space for upholding fundamental rights in the EU 2022* [Spás sibhialta rathúil chun cearta bunúsacha a chaomhnú san Aontas 2022].

19. **Cuireann sí in iúl gur geal léi** obair an Choimisiúin arb é is aidhm di tuilleadh tacaíochta a thabhairt do ESSanna, lena n-áirítear trí Ardán na Sochaí Sibhialta a chruthú, rud a fógraíodh.

**Iarrann Comhairle an Aontais Eorpaigh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:**

20. **Leanúint de** shineirgí **a fhiosrú agus a fhorbairt** idir cistiú ón Aontas agus ó na Ballstáit lena gcumhdaítear cur chun cinn, cosaint agus forfheidhmiú na gceart bunúsach. Go hiarbhír, féadfar an méid sin a bhaint amach, *inter alia*, trí mhachnamh leanúnach a dhéanamh ar an úsáid is fearr a bhaint as na cistí atá ann cheana, trí riachtanais ar leith na dtairbhithe a aithint, trí chomhar leis na leibhéil réigiúnacha agus áitiúla agus infhaighteacht cistiúcháin dóibh a áirithiú, chomh maith lena áirithiú go mbeidh córais éifeachtacha foilsitheoireachta agus tuairiscithe ann, agus trí bhearta a dhéanamh chun mí-úsáid cistí ar leibhéal an Aontais a chosc agus a mhaolú. Leis na sineirgí sin, léirítear agus cuirtear chun feidhme an cistiú comhlántach – uathúil – ón Aontas agus ó na Ballstáit, agus comhfhreagraíonn siad don chomhlántacht mhéadaitheach idir cuspóirí náisiúnta agus cuspóirí an Aontais i réimse na gceart bunúsach.

21. **Leanúint dá** chláir cistiúcháin dhírigh **a chur chun cinn** i réimse na gceart bunúsach agus dá n-inrochtaineacht d’eagraíochtaí ábhartha, ionas go bhféadfaidh iarratasóirí incháilithe faisnéis thráthúil a fháil faoi dheiseanna cistiúcháin.

22. **Leanúint d’**inrochtaineacht an Chláir um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (Clár CERV) **a chothú** faoi chuimsiú CAI 2021-2027 do raon leathan iarratasóirí féideartha, lena n-áirítear trí nósanna imeachta iarratais a éascú i dteangacha oifigiúla uile an Aontais. Agus trédhearcacht an mhaoinithe á coinneáil aige, ba cheart don Choimisiún a áirithiú nach iomarcach an t-ualach riaracháin a bhaineann leis na próisis chun cistiú a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú orthu siúd a bhfuil iarratas á dhéanamh acu. Agus na nósanna imeachta atá le leanúint ag na hiarratasóirí á bhforbairt aige, iarrtar ar an gCoimisiún leanúint de dhlúthchomhar a dhéanamh le pointí teagmhála náisiúnta CERV chun tairbhe a bhaint as a saineolas maidir leis na dúshláin phraiticiúla atá roimh na Ballstáit. Ag an am céanna, ba cheart don Choimisiún leanúint de chistiú spriocdhírithe a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus dúshláin phráinneacha mhéadaitheacha na sochaí i réimse na gceart bunúsach.

23. **Leanúint de pháirt ghníomhach a ghlacadh in idirphlé oscailte agus trédhearcach** le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le cosantóirí chearta an duine, agus a dtaithí sa phróiseas ceaptha beartas á cur san áireamh**, agus leanúint de thacaíocht a thabhairt** d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta bunúsacha an duine agus aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear ar leibhéal an phobail. Ba cheart a áireamh sa tacaíocht sin go mbeadh Clár CERV á dhíriú seasta ar ESSanna.

24. **Leanúint de** dheiseanna cistiúcháin tiomnaithe díreacha **a thabhairt** do ESSanna chun tacú le tionscadail éifeachtacha agus inbhuanaithe laistigh de na cláir chistiúcháin atá ann cheana. Ba cheart a áireamh sa tacaíocht sin infhaighteacht cistiúcháin ilbhliantúil lenar féidir tionscadail a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr, ar tionscadail iad a bhfuil pleanáil fhadtéarmach ag teastáil ina leith, i gcomhréir le prionsabail na trédhearcachta agus na cuntasachta.

25. **Leanúint den chomhar le** Coiste Eorpach na Réigiún chun feasacht a mhúscailt ar ról na n-údarás áitiúil agus réigiúnach maidir leis an gCairt a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn, agus leas á bhaint as tionscadail rathúla arna gcistiú ag an Aontas agus arna gcur chun feidhme ag cathracha agus a líonraí.

26. **Leanúint d'aird ar leith a thabhairt** ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta bunúsacha, i gcomhréir le hAirteagal 21 CAE agus, laistigh den CAI reatha, trí ionstraimí cistiúcháin do ghníomhaíochtaí seachtracha, lena n-áirítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III) agus an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI – An Eoraip Dhomhanda).

---